Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14212/25**

**INST 312**
**CMPT 19**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint do na tograí ó Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ó Ríocht na hÍsiltíre,

Ag féachaint do na tuairimí ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Tuairimí an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige Stephanus Abraham BLOK in éag an 31 Nollaig 2025. Mhol Ríocht na hÍsiltíre go n-athcheapfaí é ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2032.

(2) Rachaidh téarma oifige Joëlle ELVINGER in éag an 31 Nollaig 2025. Mhol Ard-Diúcacht Lucsamburg go n-athcheapfaí í ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2032.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Stephanus Abraham BLOK agus Joëlle ELVINGER a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2032:

– Stephanus Abraham BLOK,

– Joëlle ELVINGER.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*